RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1194 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Iúil 2022

lena mbunaítear bearta chun *Clavibacter sepedonicus* (Spieckermann & Kotthoff 1914) Nouioui *et al.* 2018 a dhíothú agus chun leathadh *Clavibacter sepedonicus* a chosc

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(1), pointí (a) go (h) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/2031 an bonn do reachtaíocht an Aontais maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí. Ós rud é go mbunaítear leis an Rialachán sin tacar nua rialacha, aisghairtear leis, le héifeacht ón 1 Eanáir 2022, roinnt gníomhartha a bhí bunaithe ar na rialacha a bhí ann roimhe sin san earnáil.

(2) Ceann de na gníomhartha aisghairthe sin is ea Treoir 93/85/CEE ón gComhairle ([2]) lena leagtar amach bearta i gcoinne an lotnaid *Clavibacter michiganensis* (Smith) Davis *et al.* ssp *sepedonicus* (Spieckermann & Kotthoff 1914), ar tugadh an t-ainm *Clavibacter sepedonicus* (Spieckermann & Kotthoff 1914) Nouioui *et al.* 2018 ina dhiaidh sin air, ("an lotnaid shonraithe"), an gníomhaire pataigineach de lobhadh fáinne prátaí.

(3) Thairis sin, ó glacadh an Treoir sin, tá forbairtí eolaíocha nua déanta maidir le bitheolaíocht agus dáileadh na lotnaide sonraithe, agus forbraíodh modhanna nua tástála chun í a bhrath agus a shainaithint chomh maith le modhanna chun í a dhíothú, agus chun leathadh na lotnaide sin a chosc.

(4) Is iomchuí, dá bhrí sin, bearta nua a ghlacadh do phlandaí *Solanum tuberosum* L., seachas síolta ("na plandaí sonraithe"), chun an lotnaid shonrach a dhíothú i gcás ina bhfaighfear amach go bhfuil sí i gcríocha an Aontais, agus chun leathadh na lotnaide sin a chosc. Tá bearta áirithe a leagtar síos i dTreoir 93/85/CEE, go háirithe na bearta sin a bhaineann le leathadh na lotnaide sonraithe a dhíothú agus a chosc, fós iomchuí, áfach, agus ba cheart foráil a dhéanamh dóibh dá bhrí sin.

(5) Ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát suirbhéanna bliantúla a dhéanamh maidir leis an lotnaid shonraithe ar na plandaí sonraithe a bheith ann ina gcríocha, d'fhonn a áirithiú go mbraithfear an lotnaid sin ar an mbealach is éifeachtaí agus is luaithe. Ba cheart na rialacha maidir le suirbhéanna bliantúla a chur in oiriúint don úsáid atá beartaithe do na plandaí sonraithe, lena áirithiú go ndéanfar iniúchtaí amhairc, sampláil agus tástáil ag an am is iomchuí agus faoi na dálaí is oiriúnaí do gach planda agus a úsáid.

(6) I gcás ina bhfuil amhras faoin lotnaid shonraithe a bheith ann, ba cheart údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann tástáil a dhéanamh i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, d'fhonn a dhearbhú nó a bhréagnú go bhfuil an lotnaid ann.

(7) I gcás ina ndeimhnítear gurb ann don lotnaid shonraithe, ba cheart d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann bearta iomchuí a dhéanamh gan mhoill chun í a dhíothú agus chun leathadh na lotnaide a chosc. Ba cheart limistéar críochaithe a bhunú ar an gcéad cheann de na bearta sin.

(8) Ba cheart foráil a dhéanamh freisin do bhearta breise díothaithe. Níor cheart plandaí sonraithe atá ainmnithe mar phlandaí ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe a phlandáil i gcríoch an Aontais, agus ba cheart d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a áirithiú go ndéanfar na plandaí sonracha ionfhabhtaithe a scriosadh nó a dhiúscairt ar shlí eile, faoi choinníollacha a chuireann cosc ar leathadh na lotnaide sonraithe. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le bearta sonracha maidir le tástáil, sampláil agus gníomhaíochtaí ar an láthair, d'fhonn a áirithiú nach bhfuil aon riosca inaitheanta maidir le leathadh lotnaide sonraithe.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.
([2]) Treoir 93/85/CEE ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 1993 maidir le lobhadh fáinneach prátaí a rialú (IO L 259, 18.10.1993, lch. 1).

(9) D'fhonn an chosaint is éifeachtaí a áirithiú do chríoch an Aontais ón lotnaid shonraithe, is iomchuí limistéir áirithe san Aontas a ainmniú mar "limistéir atá ionfhabhtaithe go mór". Ba cheart iad sin a shainiú mar limistéir inar léirigh líon na láithreacha ráige a sainaithníodh le linn suirbhéanna bliantúla le linn tréimhse leanúnach is faide ná deich mbliana go bhfuil an lotnaid shonraithe i ann i suíomhanna éagsúla, agus nach féidir a chur as an áireamh go bhfuil an lotnaid sin ann freisin i láithreáin táirgthe nach bhfuil faoi mhaoirseacht oifigiúil. Ar an gcúis sin, ba cheart go mbeadh gluaiseacht na bplandaí sonraithe amach as na limistéir sin agus isteach sa chuid eile de chríoch an Aontais agus laistigh di faoi réir coinníollacha áirithe agus go mbeadh pas plandaí ag gabháil leo.

(10) Gach cúig bliana, ba cheart do na Ballstáit tuarascálacha a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na mBallstát eile maidir le héabhlóid a limistéar atá ionfhabhtaithe go mór, chun forléargas ar chur chun feidhme na mbeart sin san Aontas a áirithiú agus, de réir mar is gá, iad a athbhreithniú agus iad a chur in oiriúint.

(11) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le maolú ar an oibleagáid gurb ann don lotnaid shonraithe in EUROPHYT a chur in iúl de bhun Airteagal 32 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ([3]) i gcás ina bhfuil an lotnaid shonrach suite i limistéar atá ionfhabhtaithe go mór, toisc nach mbeadh mórán breisluacha ag baint léi mar gheall ar na ráigeanna leanúnacha in iliomad suíomhanna.

(12) Ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun a áirithiú go mbeidh feidhm aige a luaithe is féidir tar éis aisghairm Threoir 93/85/CEE.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, bunaítear bearta chun *Clavibacter sepedonicus* (Spieckermann & Kotthoff 1914) Nouioui *et al.* 2018 a dhíothú, arb é is cúis leis an ngalar lobhadh fáinneach prátaí, agus chun leathadh *Clavibacter sepedonicus* laistigh de chríoch an Aontais a chosc.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "lotnaid shonraithe" *Clavibacter sepedonicus* (Spieckermann & Kotthoff 1914) Nouioui *et al.* 2018;

(2) ciallaíonn "plandaí sonraithe" plandaí *Solanum tuberosum* L., seachas síolta;

(3) ciallaíonn "plandaí sonraithe saorálaí" plandaí sonraithe atá le feiceáil sna háiteanna táirgthe gan a bheith plandaithe;

(4) ciallaíonn "tiúbair a bhfuil sé beartaithe iad a phlandú ina n-áit táirgthe" tiúbair a tháirgtear in áit táirgthe ar leith agus a bhfuil sé beartaithe leo fanacht go buan san áit sin agus nach bhfuil sé beartaithe iad a dheimhniú;

(5) ciallaíonn "limistéar atá ionfhabhtaithe go mór" limistéar san Aontas, inar léirigh líon na láithreacha ráige a sainaithníodh le linn suirbhéanna bliantúla le linn tréimhse leanúnach is faide ná deich mbliana go bhfuil an lotnaid shonrach ann i suíomhanna éagsúla, agus nach féidir a chur as an áireamh go bhfuil an lotnaid sin ann freisin i láithreáin táirgthe nach bhfuil faoi mhaoirseacht oifigiúil.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla agus comhpháirteanna an chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37).

Airteagal 3

Suirbhéanna bliantúla

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla suirbhéanna bliantúla ar an lotnaid shonrach a bheith ar na plandaí sonracha ina gcríoch de réir na gceanglas seo a leanas:

(a) maidir le tiúbair seachas tiúbair le haghaidh plandú, is éard a bheidh sna suirbhéanna:

(i) sampláil ó bhaisceanna tiúbair i siopa nó ó bharr fáis, chomh déanach agus is féidir idir triomú caonaigh agus fómhar;

(ii) iniúchadh amhairc ar an mbarr fáis, nuair is féidir comharthaí na lotnaide sonraí a shainaithint ó amharc, agus iniúchadh amhairc ar thiúbair gearrtha sna cásanna ina bhfuil an chigireacht sin oiriúnach chun comharthaí na lotnaide sonraí a bhrath;

(b) maidir le tiúbair le haghaidh plandú, cé is moite díobh siúd a bhfuil sé beartaithe iad a a phlandú ina n-áit táirgthe, cuimseofar go córasach sna suirbhéanna iniúchadh amhairc ar na barra fáis agus ar na baisceanna a bhíonn á stóráil, á sampláil sa stóras nó á sampláil ó na barra fáis chomh déanach agus is féidir idir triomú caonaigh agus fómhar;

(c) maidir le tiúbair a bhfuil sé beartaithe iad a phlandú ina n-áit táirgthe, déanfar na suirbhéanna ar bhonn an riosca shainaitheanta a bhaineann leis an lotnaid shonrach a bheith ann agus áireofar iontu:

(i) sampláil ó bhaisceanna tiúbair i siopa nó ó bharr fáis, chomh déanach agus is féidir idir triomú caonaigh agus fómhar;

(ii) iniúchadh amhairc ar an mbarr fáis, nuair is féidir comharthaí na lotnaide sonraí a shainaithint ó amharc, agus iniúchadh amhairc ar thiúbair gearrtha sna cásanna ina bhfuil an chigireacht sin oiriúnach chun comharthaí na lotnaide sonraí a bhrath;

(d) maidir le plandaí sonracha seachas tiúbair, déanfar na suirbhéanna agus an tsampláil plandaí de réir na modhanna iomchuí chun an lotnaid shonrach ar na plandaí sin a shainaithint.

2. Beidh líon, áit tionscnaimh agus uainiú bhailiú na samplaí bunaithe ar phrionsabail fhónta eolaíocha agus staidrimh agus ar bhitheolaíocht na lotnaide sonraí, agus córais áirithe táirgthe prátaí na mBallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

3. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, faoin 30 Aibreán gach bliain, torthaí na suirbhéanna bliantúla a cuireadh i gcrích le linn na bliana féilire roimhe sin. Tuairisceoidh siad torthaí na suirbhéanna sin i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Airteagal 4

Bearta i gcás amhras faoin lotnaid shonraithe a bheith ann

1. Áiritheoidh an t-údarás inniúil go mbeidh na samplaí a thógfar chun críocha na suirbhéanna bliantúla faoi réir na dtástálacha braite dá dtagraítear i bpointe 2.1 d'Iarscríbhinn I.

2. Go dtí go bhfaighfear torthaí na dtástálacha braite, déanfaidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

(a) toirmeasc a chur ar aistriú plandaí sonraithe ó gach barr, gach baisc nó gach coinsíneacht as ar tógadh na samplaí, ach amháin na plandaí sonraithe atá faoina rialú agus a bhfuil sé cruthaithe ina leith nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann go leathfaidh an lotnaid shonraithe;

(b) foinse na lotnaide sonraithe a mheastar a bheith ann a rianú;

(c) rialú oifigiúil a dhéanamh ar ghluaiseacht aon phlanda sonraithe, seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointe (a), arna dtáirgeadh san áit táirgthe ónar tógadh na samplaí dá dtagraítear i bpointe (a).

3. Go dtí go bhfaighfear torthaí na dtástálacha braite, áiritheoidh an t-údarás inniúil go gcoinneofar na heilimintí seo a leanas go léir agus go gcaomhnófar iad go hiomchuí:

(a) gach tiúbar sampláilte atá fágtha agus, i gcás inar féidir, gach planda sampláilte atá fágtha;

(b) eastóscáin plandaí sonraithe atá fágtha, eastóscáin ADN agus ábhar breise a ullmhaíodh don tástáil;

(c) an saothrán íon, i gcás inarb iomchuí;

(d) an doiciméadacht ábhartha uile.

4. Sa chás go ndeimhnítear an t-amhras go bhfuil an lotnaid shonraithe ann i gcomhréir le pointe 1.1 d'Iarscríbhinn I, áiritheoidh an t-údarás inniúil go ndéanfar na tástálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I ar na samplaí a tógadh chun críche na suirbhéanna chun a dheimhniú nó a bhréagnú go bhfuil an lotnaid shonraithe ann.

Airteagal 5

Bearta i gcás ina ndeimhnítear go bhfuil an lotnaid shonraithe ann

1. I gcás ina ndeimhnítear gurb ann don lotnaid shonraithe i gcomhréir le pointe 1.2 nó le pointe 1.3 d'Iarscríbhinn I, beidh feidhm ag míreanna 2 go 9.

2. Bunóidh an t-údarás inniúil, gan mhoill, limistéar críochaithe, ina gcuirfear na heilimintí atá liostaithe i bpointe 1 d'Iarscríbhinn III san áireamh, chun leathadh féideartha na lotnaide sonraithe a chinneadh.

3. Beidh crios ionfhabhtaithe sa limistéar críochaithe agus, nuair is gá chun aghaidh a thabhairt ar an riosca físeashláintíochta, crios maolánach timpeall an chreasa ionfhabhtaithe.

4. Beidh gach ceann de na nithe seo a leanas sa chrios ionfhabhtaithe:

(a) na plandaí, na coinsíneachtaí agus/nó na baisceanna sonraithe, na feithiclí, na soithí, na stórais nó aonaid shonraithe díobh ónar tógadh sampla plandaí sonraithe atá ionfhabhtaithe, aon réada eile, lena n-áirítear ábhar pacáistíochta, agus an t-innealra a úsáideadh le haghaidh na plandaí sonraithe sin a tháirgeadh, a iompar agus a stóráil, agus, más iomchuí, an áit/na háiteanna táirgthe nó an láithreán táirgthe nó na láithreáin táirgthe ina ndearnadh na plandaí sonraithe sin a fhás nó a bhaint;

(b) gach cineál ítime atá liostaithe i bpointe (a) a chinntear gur dócha iad a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe, agus na heilimintí atá liostaithe i bpointe 2 d'Iarscríbhinn III á gcur san áireamh, trí theagmhálacha réamhbhuainte nó iarbhuainte, nó trí chéimeanna táirgeachta comhuaineacha, le plandaí sonraithe atá ionfhabhtaithe.

5. Ainmneoidh an t-údarás inniúil:

(a) na hítimí a liostaítear i mír 4, pointe (a), mar ítimí atá ionfhabhtaithe;

(b) na hítimí a liostaítear i mír 4, pointe (b), mar is dócha a bheith ionfhabhtaithe.

6. Ní dhéanfar tiúbair de thionscnamh limistéir críochaithe a aistriú amach as an limistéar críochaithe sin, mura gcruthaítear go bhfuil siad saor ón lotnaid shonraithe ar bhonn na dtástálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I.

7. De mhaolú ar Airteagal 32 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715, ní cheanglaítear ar na Ballstáit fógra ráige a thabhairt in EUROPHYT i gcás ina bhfuil an lotnaid shonraithe suite i limistéar atá ionfhabhtaithe go mór atá liostaithe in Iarscríbhinn IV.

8. I gcás ina bhfuil fógra ráige tugtha ag Ballstát in EUROPHYT, cinnfidh na Ballstáit chomharsanachta dá dtagraítear san fhógra méid an ionfhabhtaithe dhóchúil agus bunóidh siad limistéar críochaithe i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4.

9. Áiritheoidh an t-údarás inniúil go gcoinneofar na heilimintí seo a leanas go léir agus go gcaomhnófar iad i gceart:

(a) an t-ábhar atá sonraithe in Airteagal 4(3) go dtí go gcuirfear na tástálacha go léir i gcrích ar a laghad;

(b) an t-ábhar a bhaineann leis an dara tástáil braite agus leis na tástálacha aitheantais nuair is iomchuí, go dtí go gcuirfear na tástálacha uile i gcrích;

(c) más infheidhme, saothrán íon na lotnaide sonraithe, go dtí mí amháin ar a laghad tar éis an nós imeachta um fhógra a thabhairt faoi mhír 7.

Airteagal 6

Bearta chun an lotnaid shonrach a dhíothú

1. Ní dhéanfar plandaí sonraithe, atá ainmnithe mar phlandaí ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe de bhun Airteagal 5(5), pointe (a), a phlandú. Áiritheoidh an t-údarás inniúil go scriosfar na plandaí sonraithe atá ionfhabhtaithe nó go ndéanfar iad a dhiúscairt ar bhealach eile, i gcomhréir le pointe 1 d'Iarscríbhinn V, ar choinníoll go suitear nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann go leathfar an lotnaid shonraithe.

I gcás go ndearnadh plandaí sonraithe a phlandú sula n-ainmnítear iad mar phlandaí atá ionfhabhtaithe, déanfar an t-ábhar plandaithe a scriosadh nó a dhiúscairt láithreach de réir phointe 1 d'Iarscríbhinn V. Déanfar an láithreán táirgthe nó na láithreáin táirgthe ina bhfuil na plandaí sonraithe atá ionfhabhtaithe plandaithe a ainmniú mar phlandaí atá ionfhabhtaithe.

2. Ní chuirfear plandaí sonraithe atá ainmnithe mar phlandaí ar dócha go bhfuil siad ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(5), pointe (b), agus, gan dochar do thoradh na dtástálacha dá dtagraítear in Airteagal 7 maidir le stoic atá gaolta go clónach, cuirfear iad, faoi mhaoirseacht oifigiúil, ar úsáid iomchuí nó déanfar iad a dhiúscairt mar a shonraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn V, ar bhealach a shuífear nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann go leathfaidh an lotnaid shonraithe.

I gcás go ndearnadh plandaí sonraithe a phlandú sula n-ainmnítear iad mar phlandaí gur dócha go bhfuil siad ionfhabhtaithe, déanfar an t-ábhar plandaithe a scriosadh nó bainfear úsáid iomchuí as nó déanfar é a dhiúscairt mar a shonraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn V. Déanfar an láthair táirgthe nó na láithreáin táirgthe ina bhfuil na plandaí sonraithe gur dócha go bhfuil siad ionfhabhtaithe plandaithe a ainmniú mar phlandaí gur dócha go bhfuil siad ionfhabhtaithe.

3. Aon innealra, feithicil, soitheach, stóras nó aonad de, agus aon réada eile lena n-áirítear ábhar pacáistíochta, a ainmnítear mar nithe atá ionfhabhtaithe nó gur dócha go bhfuil siad ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(5), déanfar iad a scriosadh nó a ghlanadh agus a dhífhabhtú ag baint úsáide as na modhanna a shonraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn V.

4. I dteannta na mbeart dá bhforáiltear i míreanna 1, 2 agus 3, cuirfear na bearta a shonraítear i bpointe 4 d'Iarscríbhinn V i bhfeidhm sna limistéir chríochaithe.

Airteagal 7

Bearta sonracha tástála maidir le tiúbair le haghaidh plandú

1. I gcás ina ndeimhnítear gurb ann don lotnaid shonraithe i láithreán táirgthe tiúbar atá le cur, áiritheoidh an t-údarás inniúil go ndéanfar na tástálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I ar línte na mbaisceanna tiúbar ionfhabhtaithe atá gaolta go clónach nó, i gcás ina mbunaítear nach ann do línte atá gaolta go clónach, ar na tiúbair nó na baisceanna tiúbar a bhí i dteagmháil dhíreach nó indíreach leis na baisceanna tiúbar ionfhabhtaithe.

2. I gcás ina ndeimhnítear gur ann don lotnaid shonraithe i láithreán táirgthe tiúbar atá le cur i scéim deimhniúcháin, déanfar na tástálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I ar gach planda sa chéad roghnú clónach nó ar shamplaí ionadaíocha de na prátaí síl bunaidh.

Airteagal 8

Bearta sealadacha maidir le gluaiseachtaí tiúbair plandaí sonraithe de thionscnamh limistéir ionfhabhtaithe go mór

1. Ní fhéadfar tiúbair plandaí sonraithe, seachas na plandaí le haghaidh plandú, de thionscnamh limistéir atá ionfhabhtaithe go mór atá liostaithe in Iarscríbhinn IV, a aistriú amach as an limistéar sin go limistéir eile de chríoch an Aontais, ach amháin má chomhlíonann siad an dá choinníoll seo a leanas:

(a) má tá pas plandaí ag gabháil leo;

(b) má eascraíonn siad ó áit táirgthe atá cláraithe agus atá faoi mhaoirseacht ag na húdaráis inniúla, agus a aithnítear go hoifigiúil go bhfuil siad saor ón lotnaid shonraithe; nó fuarthas amach go bhfuil siad saor ón lotnaid shonraithe ar bhonn samplála agus tástála a rinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn I.

2. Gach cúig bliana, cuirfidh na Ballstáit tuarascálacha faoi bhráid an Choimisiúin agus na mBallstát eile maidir le héabhlóid a limistéar atá ionfhabhtaithe go mór.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Scéim le haghaidh na dtástálacha atá le déanamh de bhun Airteagail 3, 4, 5, 7 agus 8

1. PRIONSABAIL GHINEARÁLTA MAIDIR LEIS AN LOTNAID SHONRAITHE A BHEITH ANN

1.1. Meastar gurb ann don lotnaid shonraithe nuair a fhaightear toradh dearfach sa chéad tástáil braite a dhéantar ar an bplanda sonraithe.

I gcás ábhar siomptómach plandaí, d'fhéadfadh aonrú roghnaitheach a bheith sa chéad tástáil braite.

1.2. Dearbhaítear gurb ann don lotnaid shonraithe ar shamplaí siomptómacha de na plandaí sonraithe sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás inar aonrú roghnaitheach an chéad tástáil braite a mbíonn coilíneachtaí ag a bhfuil moirfeolaíocht tipiciúil mar thoradh air: faightear torthaí dearfacha in dhá thástáil aitheantais;

(b) i gcás inar tástáil eile seachas aonrú roghnaitheach an chéad tástáil braite:

(i) faightear torthaí dearfacha in dhá thástáil sainaitheantais tar éis an sampla a bheith faoi réir aonrú roghnaitheach;

(ii) faightear torthaí dearfacha i ndara tástáil braite seachas aonrú roghnaitheach;

1.3. Dearbhaítear gurb ann don lotnaid shonraithe ar shamplaí aisiomptómacha de na plandaí sonraithe sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfaightear toradh dearfach sa dara tástáil braite ar choinníoll gur triail mhóilíneach (atá bunaithe ar DNA) an chéad tástáil nó an dara tástáil braite (tástáil PCR TaqMan® fíor-ama nó gnáth-thástáil PCR);

(b) maidir le samplaí a thógtar i mBallstát nó i limistéar de Bhallstát nach eol go mbíonn an lotnaid shonraithe ann agus maidir le samplaí a thagann ó Bhallstát eile: i gcás ina bhfaightear toradh dearfach sa dara tástáil braite i gcomhréir le pointe (a) agus go bhfaightear torthaí dearfacha in dhá thástáil sainaitheantais a dhéantar tar éis an sampla a bheith faoi réir aonrú roghnaitheach.

2. TÁSTÁLACHA

2.1. Tástálacha braite

Beidh na tástálacha braite de chineál a aimseoidh ar a laghad 10^4 4 cealla/ml d'athfhuaidreán millín.

Beidh an dara tástáil braite bunaithe ar phrionsabail bhitheolaíocha éagsúla nó ar réigiúin núicléitíde atá éagsúil leis an gcéad tástáil braite.

Is iad seo a leanas na tástálacha braite:

(a) tástálacha imdhíonfhluaraiseachta, mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(b) Tástáil FISH (van Beuningen *et al*. (1995) ([1])), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(c) Aonrú mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta; Cuirfear i bhfeidhm ceann amháin den dá rogha seo a leanas:

(i) aonrú díreach ar mheáin fáis leathroghnaitheacha (nó neamhroghnaitheacha), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(ii) tar éis saibhriú a dhéanamh tríd an mbithmheasúnacht, aonrú mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(d) gnáth-thástáil PCR a úsáideann na prímeálaigh ó Pastrik (2000) ([2]), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

([1]) van Beuningen, A.R., Derks, H., Janse, J.D. (1995). Brath agus le sainaithint *Clavibacter michiganensis* fospeiceas *sepedonicus* agus aird ar leith á tabhairt ar hibridiú in situ fluaraiseach (FISH) trí úsáid a bhaint as tóireadóir olaganúicléitíde spriocdhírithe 16S rRNA. *Züchtungs Forschung* 1, 266–269.

([2]) Pastrik, K.H. 2000. Detection of *Clavibacter michiganensis* subsp. *sepedonicus* in potato tubers by multiplex PCR with coamplification of host DNA ('Brath *Clavibacter michiganensis* fospeiceas *sepedonicus* i dtiúbair prátaí ag PCR ilphléascach le comhaimpliú DNA óstach.'] *European Journal of Plant Pathology*, 106, 155-165.

(e) Tástálacha PCR TaqMan® fíor-ama a úsáideann prímeálaigh agus tóireadóirí ó:

(i) Schaad *et al.* (1999) ([3]), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(ii) Vreeburg *et al.* (2018) ([4]) (dá ngairtear an tástáil NYtor), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(iii) Gudmestad *et al.* (2009) arna hoiriúnú ag Vreeburg *et al.* (2018)[4], tástálacha imdhíonfhluaraiseachta, mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(iv) Massart *et al.* (2014) ([5]), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

2.2. Tástálacha sainaitheantais

Is iad seo a leanas na tástálacha sainaitheantais:

(a) tástáil imdhíonfhluaraiseachta, mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(b) gnáth-thástáil PCR (Pastrik (2000)), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(c) Tástálacha PCR TaqMan® fíor-ama a úsáideann prímeálaigh agus tóireadóirí ó:

(i) Schaad *et al.* (1999), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(ii) Vreeburg *et al.* (2018) (dá ngairtear an tástáil NYtor), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(iii) Gudmestad *et al.* (2009) arna hoiriúnú ag Vreeburg *et al.* (2018)4, mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(iv) Massart *et al.* (2014), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(d) Barrachódú DNA, mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta;

(e) MALDI-TOF MS (Zaluga *et al.* (2011) ([6])), mar a thuairiscítear i gcaighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta.

([3]) Schaad, W., Berthier-Schaad, Y., Sechler, A., Knorr, D (1999). Detection of *Clavibacter michiganensis* subsp. *sepedonicus* in potato tubers by BIOPCR and an automated real-time fluorescence detection system ('Brath *Clavibacter michiganensis* fospeiceas *sepedonicus* i dtiúbair prátaí ag BIOPCR agus córas uathoibrithe fluaraiseachta fíor-ama.'] *Plant Disease* 83, 1095–1100 [Galar Plandaí].


([4]) Vreeburg, R., Zendman, A., Pol A., Verheij, E., Nas, M., Kooman-Gersmann, M. (2018). Validation of four real-time TaqMan PCRs for the detection of *Ralstonia solanacearum* and/or *Ralstonia pseudosolanacearum* and/or *Clavibacter michiganensis* subsp. *sepedonicus* in potato tubers using a statistical regression approach ('Bailíochtú ceithre thástáil PCR fíor-ama TaqMan chun *Ralstonia solanacearum* agus/nó *Ralstonia pseudosolanacearum* agus/nó *Clavibacter michiganensis* fospeiceas. *sepedonicus* i dtiúbair prátaí ag baint úsáid as cur chuige cúlchéimnithe staitistiúil.'] *EPPO Bulletin* 48, 86–96.

([5]) Massart, S., Nagy, C., Jijakli, M.H. 2014. Development of the simultaneous detection of *Ralstonia solanacearum* race 3 and *Clavibacter michiganensis* subsp. *sepedonicus* in potato tubers by a multiplex real-time PCR assay ('Forbairt ar bhrath comhuaineach *Ralstonia solanacearum* cine 3 agus *Clavibacter michiganensis* fospeiceas *sepedonicus* i dtiúbair prátaí ag measúnacht PCR fíor-ama ilphléascach.'] *European Journal of Plant Pathology,* 138, 29-37.

([6]) Zaluga, J., Heylen, K., Van Hoorde, K., Hoste, B., Vaerenbergh, J., Maes, M., De Vos, P. (2011). GyrB sequence analysis and MALDI-TOF MS as identification tools for plant pathogenic *Clavibacter* ('Anailís ar sheicheamh GyrB agus MALDI-TOF MS mar uirlisí aitheantais le haghaidh planda pataigineach *Clavibacter.*'] *Systematic and applied microbiology 34, 400-7.* ('Micribhitheolaíocht chórasach agus curtha i bhfeidhm']. 10.1016/j.syapm.2011.05.001.

3. SREABHCHAIRTEACHA NA NÓSANNA IMEACHTA


Sreabhchairt Uimh. 1: Nós imeachta diagnóiseach maidir leis an lotnaid shonraithe a bheith ann i samplaí siomptómacha den phlanda sonraithe.



[a] Is féidir aonrú a úsáid mar an chéad tástáil braite nó mar an dara tástáil braite. Má cheaptar gurb ann don lotnaid shonraithe ar an meán fáis, déanfar coilíneachtaí a íonghlanadh chun saothráin íona a fháil ar a ndéanfar dhá thástáil sainaitheantais. Tá torthaí dearfacha sa dá thástáil sainaitheantais ag teastáil chun a dheimhniú gurb ann don lotnaid.

[b] Beidh an tríú tástáil braite bunaithe ar phrionsabail bhitheolaíocha éagsúla nó ar réigiúin núicléitíde éagsúla.

Sreabhchairt Uimh. 2: Nós imeachta diagnóiseach maidir leis an lotnaid shonraithe i samplaí aisiomptómacha den phlanda sonraithe.



[a] Ní úsáidfear aonrú.

[b] Beidh an tríú tástáil braite bunaithe ar phrionsabail bhitheolaíocha éagsúla nó ar réigiúin núicléitíde éagsúla. Ní úsáidfear aonrú.

[c] Maidir leis na samplaí dá dtagraítear i bpointe (1.3)(b), éilítear go ndéanfar an lotnaid shonraithe a aonrú ón sampla tar éis an dara tástáil braite dhearfach, agus dhá thástáil sainaitheantais dhearfacha ina dhiaidh sin.

4. ULLMHÚCHÁN SAMPLA

4.1. Samplaí ó thiúbair aisiomptómacha

Beidh 200 tiúbar sa sampla caighdeánach in aghaidh na tástála. Tá cur síos sna caighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta ar an nós imeachta saotharlainne iomchuí chun croíthe na súl caoch a phróiseáil chun an t-úsc a fháil chun an lotnaid shonraithe a bhrath.

4.2. Samplaí ó ábhar plandaí aisiomptómach seachas tiúbair

Déanfar ionfhabhtuithe folaigh a bhrath ar shamplaí comhiomlána de dheighleoga gais. Is féidir an nós imeachta a chur i bhfeidhm le haghaidh suas le 200 cuid gais ó phlandaí éagsúla i sampla amháin. Tá cur síos sna caighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta ar an nós imeachta saotharlainne iomchuí chun deighleoga gáis a dhífhabhtú agus a phróiseáil chun an t-úsc a fháil chun an lotnaid shonraithe a bhrath.

4.3. Samplaí ó phlanda sonraithe aisiomptómach

Déanfar codanna den fhíochán a bhaint go haiseipteach ón bhfáinne soithíoch i dtiúbar nó ó na snáitheanna soithíocha i ngais de na plandaí sonraithe a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad ag sleabhcadh. Tá cur síos mionsonraithe sna caighdeáin dhiagnóiseacha idirnáisiúnta ar an nós imeachta saotharlainne iomchuí chun na fíocháin sin a phróiseáil leis an úsc a fháil chun an lotnaid shonraithe a bhrath.

IARSCRÍBHINN II

Teimpléad suirbhé dá dtagraítear in Airteagal 3(3)

Teimpléad chun torthaí an tsuirbhé ar lobhadh fáinneach a chur i láthair maidir le Fómhair prátaí le haghaidh na bliana féilire roimhe seo.

Ní úsáidfear an tábla seo ach i gcás thorthaí an tsuirbhé i gcomhair na bprátaí a bhuaintear i do thír.

NA BALLSTÁIT	Catagóir	Limistéar faoi bharr (ha)	Tástáil saotharlainne						Scrúdú amhairc ar thiúbair (1)			Scrúduithe amhairc ar an mbarr atá ag fás (1)			Faisnéis eile
			Líon na samplaí	Líon na luchtóg	Méid na luchtóg (t nó ha)	Tréimhse samplála	Líon na dtorthaí dearfacha		Líon na samplaí a scrúdaíodh	Méid an tsampla	Líon samplaí dearfacha (2)	Líon scrúduithe amhairc	Líon ha	Líon na dtorthaí dearfacha (2)	
							Samplaí	Luchtóga							
	Prátaí síl deimhnithe														
	Tiúbair eile le haghaidh plandú (sonraigh)														
	Prátaí margaidh agus prátaí próiseála														
	Tiúbair eile (sonraigh)														

(1) Tuigfear gur scrúdú macrascópach ar thiúbair nó ar bharra é.

(2) Aimsíodh siomptóim, tógadh sampla agus dheimhnigh an tástáil saotharlainne go raibh an lotnaid shonraithe ann.

IARSCRÍBHINN III

Eilimintí chun leathadh féideartha na lotnaide sonraithe a chinneadh agus chun ítimí a ainmniú ar dócha iad a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe, dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus in Airteagal 5(4), pointe (b)

1. Is iad seo a leanas na heilimintí atá le meas agus leathadh féideartha na lotnaide sonraithe dá dtagraítear in Airteagal 5(2) á chinneadh:

   (a) a chóngaraí do láithreacha táirgthe eile a fhásann plandaí sonraithe nó plandaí óstacha eile;

   (b) comhtháirgeadh agus úsáid stoc prátaí síl.

2. Is iad seo a leanas na heilimintí atá le meas maidir le hítim a ainmniú mar ítim a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe de bhun Airteagal 5(4), pointe (b):

   (a) plandaí sonraithe a fhástar ag láthair táirgthe a ainmnítear mar láthair ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(5), pointe (a);

   (b) láthair nó láithreacha táirgthe a bhfuil nasc táirgthe éigin aige nó acu leis na plandaí sonraithe a ainmnítear mar phlandaí ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(5), pointe (a)(a), lena n-áirítear iad a roinneann trealamh agus saoráidí táirgeachta go díreach nó trí chonraitheoir coiteann;

   (c) plandaí sonraithe a tháirgtear sa láthair nó sna láithreacha táirgthe dá dtagraítear i bpointe (b), nó a bhí i láthair nó láithreacha táirgthe den sórt sin nuair a bhí na plandaí sonraithe a ainmnítear mar phlandaí ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(5), pointe (a), ann sa láthair táirgthe dá dtagraítear i bpointe (a);

   (d) áitreabh a láimhseálann plandaí sonraithe ó na láithreacha táirgthe dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c);

   (e) aon innealra, feithicil, soitheach, stóras nó aonaid díobh sin, agus aon réad eile, lena n-áirítear ábhar pacáistíochta, a d'fhéadfadh a bheith tagtha i dteagmháil leis na plandaí sonraithe a ainmnítear mar phlandaí ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(5), pointe (a);

   (f) aon phlanda sonraithe a stóráladh in aon cheann de na struchtúir nó de na réada atá liostaithe i bpointe (e), nó a bhí i dteagmháil leo sular glanadh agus díghalraíodh na struchtúir agus na réada sin;

   (g) mar thoradh ar an tástáil de bhun Airteagal 7, na plandaí sonraithe sin a bhfuil gaolmhaireacht chlónach acu leis na plandaí sonraithe atá ainmnithe mar phlandaí ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(5), pointe (a), agus a ndealraíonn sé ina leith, cé go bhféadfadh sé go bhfuarthas toradh diúltach ar thástáil a rinneadh orthu maidir leis an lotnaid shonraithe, gur dócha an t-ionfhabhtú sin trí nasc clónach. Féadfar tástáil ar chineálacha a dhéanamh chun fíorú a dhéanamh ar chéannacht na dtiúbar nó na bplandaí ionfhabhtaithe agus orthu siúd a bhfuil gaol clónach den sórt sin acu;

   (h) láthair nó láithreacha táirgthe na bplandaí sonraithe dá dtagraítear i bpointe (g);

IARSCRÍBHINN IV

Liosta de limistéir an-ionfhabhtaithe dá dtagraítear in Airteagal 8

1. Críoch na Polainne.

2. Críoch na Rómáine,

IARSCRÍBHINN V

Bearta díothaithe dá dtagraítear in Airteagal 6

1. Is éard a bheidh sna bearta díothaithe dá dtagraítear in Airteagal 6(1) ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

   (a) úsáid mar bheatha ainmhithe tar éis cóireáil teasa, ionas nach mbeidh aon riosca ann go mairfidh an lotnaid shonraithe;

   (b) diúscairt ag láithreán tiomnaithe diúscartha dramhaíola atá formheasta go hoifigiúil nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann go n-éalóidh an lotnaid shonraithe isteach sa chomhshaol e.g. trí úscaíl ar thalamh talmhaíochta;

   (c) loscadh;

   (d) próiseáil thionsclaíoch trí sheachadadh díreach agus láithreach chuig gléasra próiseála ina bhfuil saoráidí diúscartha dramhaíola atá formheasta go hoifigiúil agus a bhfuil sé suite ina leith nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann go leathfar an lotnaid shonraithe, agus ag a bhfuil córas glanta agus díghalraithe maidir leis na feithiclí atá ag imeacht ar a laghad;

   (e) bearta eile, ar an gcoinníoll go bhfuil sé suite nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann maidir le leathadh na lotnaide sonraithe; ní mór fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi bhearta den sórt sin mar aon leis an údar atá leo.

   Déanfar aon dramhaíl a bheidh fágtha a bhaineann leis an méid thuas agus a eascraíonn as a dhiúscairt trí mhodhanna atá formheasta go hoifigiúil i gcomhréir le hIarscríbhinn VI.

2. Úsáid nó diúscairt iomchuí na bplandaí sonraithe atá ainmnithe mar phlandaí ar dócha go bhfuil siad ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(5), pointe (b), déanfar é faoi rialú údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann. Formheasfaidh an t-údarás inniúil sin na húsáidí seo a leanas, agus an diúscairt dramhaíola gaolmhar, le haghaidh na bplandaí sonraithe sin:

   (a) úsáid mar thiúbair atá ceaptha lena gcaitheamh, pacáilte réidh lena seachadadh go díreach agus gan athphacáistiú, ar láthair ag a bhfuil saoráidí diúscartha dramhaíola iomchuí. Ní fhéadfar prátaí síl a láimhseáil ar an láthair chéanna, ach amháin má dhéantar é sin ar leithligh nó tar éis glantacháin agus díghalrú; nó

   (b) úsáid mar thiúbair atá ceaptha le haghaidh próiseáil thionsclaíoch, agus a bhfuil sé beartaithe iad a sheachadadh go díreach agus láithreach chuig gléasra próiseála ag a bhfuil saoráidí diúscartha dramhaíola iomchuí agus córas glanta agus díghalraithe maidir leis na feithiclí atá ag imeacht ar a laghad; nó

   (c) úsáid nó diúscairt éigin eile, ar choinníoll go suitear nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann go leathfar an lotnaid shonraithe agus faoi réir fhormheas an údaráis inniúil sin.

3. Is iad na modhanna iomchuí chun na réada dá dtagraítear in Airteagal 6(3) a ghlanadh agus a dhíghalrú na modhanna sin ar suíodh ina leith nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann go leathfar an lotnaid shonraithe agus úsáidfear iad faoi mhaoirseacht údaráis inniúla na mBallstát.

4. Áireofar sa tsraith beart atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit laistigh den limistéar críochaithe arna bhunú nó arna mbunú de bhun Airteagal 5(2) agus (3) agus dá dtagraítear in Airteagal 6(4), na bearta a leagtar amach i bpointí 4.1 agus 4.2:

   4.1. Bearta atá le déanamh ar láithreacha táirgthe a ainmnítear mar áiteanna ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(5), pointe (a):

      4.1.1. I láthair táirgthe a ainmnítear mar láthair nó aonad atá ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(5), pointe (a), déanfar gach beart a leagtar amach i bpointí (1), (2) agus (3), nó gach ceann de na bearta a leagtar amach i bpointí (4), (5):

         1. le linn na chéad trí bliana fáis tar éis bhliain ainmnithe an ionfhabhtaithe, díothú plandaí sonraithe deonacha, agus toirmeasc ar phlandaí sonraithe neamhshaothraithe a chur, lena n-áirítear síolta, nó barra a bhfuil riosca aitheanta ann ina leith go leathfaidh an lotnaid shonraithe;

2. ón gceathrú bliain tar éis bhliain ainmnithe an ionfhabhtaithe, tar éis choinníollacha phointe (1) a chomhlíonadh agus ar choinníoll go bhfuarthas an láthair táirgthe saor ó phlandaí sonraithe neamhshaothraithe le linn rialuithe oifigiúla ar feadh an dá bhliain fáis as a chéile roimh an bplandú, ní cheadófar ach tiúbair, seachas iad siúd atá beartaithe le haghaidh plandú, a tháirgeadh, agus déanfar na tiúbair bhuainte a thástáil i gcomhréir le hIarscríbhinn I;

3. tar éis an chéad táirgthe de na tiúbair dá dtagraítear i bpointe (2), agus tar éis timthriall uainíochta iomchuí dhá bhliain ar a laghad má tá tiúbair le haghaidh plandú le fás, féadfar plandaí sonraithe a phlandú le haghaidh táirgeadh tiúbar nó le haghaidh táirgeadh tiúbar eile, agus déanfar suirbhé mar a fhoráiltear in Airteagal 3; nó

4. le linn na chéad cheithre bliana fáis tar éis bhliain ainmnithe an ionfhabhtaithe, plandaí sonraithe neamhshaothraithe a dhíothú agus an láthair táirgthe a chothabháil i mbranair nó i bhféarach buan trí dhlúthghearradh go minic nó dianinnilt;

5. ón gcúigiú bliain tar éis bhliain ainmnithe an ionfhabhtaithe, agus ar an gcoinníoll go mbeidh pointe (1) comhlíonta agus go bhfuarthas an láthair táirgthe saor ó phlandaí sonraithe neamhshaothraithe le linn rialuithe oifigiúla ar feadh an dá bhliain fáis as a chéile roimh an bplandú, ceadófar tiúbair le haghaidh plandú agus tiúbair eile a tháirgeadh, agus déanfar na tiúbair bhuainte a thástáil i gcomhréir le hIarscríbhinn I.

4.1.2. I ngach láthair táirgthe eile den áit táirgthe ionfhabhtaithe, agus ar an gcoinníoll go bhfuil an t-údarás inniúil tar éis a shuíomh, le haghaidh gach bliain fáis, gur díothaíodh an riosca a bhaineann le plandaí sonraithe neamhshaothraithe agus go ndearnadh tástáil ar na plandaí sonraithe buainte i ngach láthair táirgthe de chuid na ngléasraí sonraithe i gcomhréir le hIarscríbhinn I, beidh feidhm ag na bearta seo a leanas:

(1) ní chuirfear aon phlandaí sonraithe, lena n-áirítear síolta, sa bhliain fáis tar éis ainmniú an ionfhabhtaithe, nó féadfar tiúbair dheimhnithe le haghaidh plandú a chur chun tiúbair a tháirgeadh seachas iad siúd le haghaidh plandú amháin;

(2) sa dara bliain fáis tar éis ainmniú an ionfhabhtaithe, ní chuirfear ach tiúbair dheimhnithe le haghaidh plandú nó tiúbair le haghaidh plandú a dhéantar tástáil oifigiúil orthu le haghaidh neamhláithreacht na lotnaide sonraithe agus a fhástar faoi rialú oifigiúil ar láithreacha táirgthe seachas na láithreacha dá dtagraítear i bpointe 4 chun tiúbair le haghaidh plandú nó tiúbair eile a tháirgeadh;

(3) i gcás an tríú bliain fáis ar a laghad tar éis ainmniú an ionfhabhtaithe, ní chuirfear ach tiúbair dheimhnithe le haghaidh plandú nó tiúbair le haghaidh plandú a fhástar ó thiúbair dheimhnithe faoi rialú oifigiúil chun tiúbair le haghaidh plandú nó tiúbair eile a tháirgeadh;

(4) i ngach ceann de na blianta fáis dá dtagraítear i bpointí (1), (2) agus (3), déanfar bearta chun plandaí sonraithe neamhshaothraithe, más ann dóibh, a dhíothú, agus i ngach láthair táirgthe de chuid na bplandaí sonraithe, déanfar tástáil ar phlandaí sonraithe buainte dá dtagraítear in Iarscríbhinn I.

4.1.3. Díreach tar éis ainmniú an ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(5), agus tar éis na chéad bhliana fáis ina dhiaidh sin, déanfar an t-innealra agus na saoráidí stórála go léir ar an áit táirgthe agus a bhaineann leis an táirgeadh plandaí sonraithe a ghlanadh agus a dhíghalrú de réir mar is cuí agus úsáid á baint as modhanna cuí, mar a shonraítear i bpointe 3.

4.1.4. In aonad táirgthe le haghaidh barr cosanta arna ainmniú mar aonad atá ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5, pointe 5(a), i gcás inar féidir an damhna fáis a ionadú ina iomláine:

(1) ní chuirfear aon phlandaí sonraithe, lena n-áirítear síolta, mura gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) díothú na lotnaide sonraithe;

(b) baint gach ábhar planda óstaigh;

(c) athrú iomlán ar an damhna fáis agus glanadh agus díghalrú an aonaid táirgthe agus an trealaimh uile;

(d) ceadú le haghaidh táirgeadh sonraithe plandaí ag na húdaráis inniúla;

(2) déanfar plandaí sonraithe a tháirgeadh ó thiúbair le haghaidh plandú, nó ó mhionthiúbair nó ó mhicreaphlandaí a dhíorthaítear ó fhoinsí tástálaithe.

4.2. Laistigh den limistéar críochaithe, sa bhreis ar na bearta a shonraítear faoi phointe 4.1, déanfaidh na Ballstáit na bearta seo a leanas:

(1) díreach tar éis ainmniú an ionfhabhtaithe, áiritheoidh siad go nglanfar agus go ndíghalrófar, de réir mar is iomchuí, gach innealra agus saoráid stórála sna háiteanna táirgthe sin agus a bheidh bainteach le táirgeadh plandaí sonraithe agus úsáid á baint as modhanna iomchuí, de réir mar a shonraítear i bpointe 3.

(2) láithreach, agus ar feadh trí bliana fáis ar a laghad tar éis ainmniú an ionfhabhtaithe:

(a) áiritheoidh siad go ndéanfaidh a n-údaráis inniúla maoirseacht ar an áitreabh ina bhfástar, ina stóráiltear nó ina láimhseáiltear tiúbair, agus ar láithreacha táirgthe a oibríonn innealra plandaí sonraithe faoi chonradh;

(b) ceanglóidh siad nach gcuirfear ach tiúbair atá deimhnithe le haghaidh plandú nó tiúbair le haghaidh plandú a fhástar faoi rialú oifigiúil i gcás gach barr plandaí sonraithe laistigh den chrios sin, agus go ndéanfar tástáil tar éis baint tiúbar le haghaidh barra plandaithe a fhástar in áiteanna táirgthe a ainmnítear mar áiteanna ar dócha go bhfuil siad ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(5), pointe (b);

(c) ceanglóidh siad go ndéanfaí stoic de thiúbair bhainte le haghaidh plandú a láimhseáil ar leithligh ó na stoic de thiúbair eile ar gach láthair táirgthe laistigh den limistéar críochaithe, sin nó go dtabharfaí faoi chóras glantacháin agus díghalraithe atá le déanamh idir láimhseáil stoc prátaí tiúbar;

(d) déanfaidh siad an suirbhé bliantúil mar a fhoráiltear in Airteagal 3(1);

(3) bunóidh siad clár, i gcás inarb iomchuí, chun na stoic uile prátaí síl a ionadú thar thréimhse iomchuí ama.

IARSCRÍBHINN VI

Ceanglais maidir le diúscairt dramhaíola atá formheasta go hoifigiúil dá dtagraítear i bpointe (1) d'Iarscríbhinn V

Comhlíonfaidh na modhanna diúscartha dramhaíola atá formheasta go hoifigiúil dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V na ceanglais seo a leanas:

1. Dramhaíl ón bplanda sonraithe (lena n-áirítear tiúbair dhiúltaithe agus scamhacháin tiúbar) agus aon dramhaíl sholadach eile a bhaineann leis na plandaí sonraithe (lena n-áirítear ithir, clocha agus smionagar eile), déanfar í a dhiúscairt ar cheann de na modhanna seo a leanas:

   (a) diúscairt ag láithreán tiomnaithe diúscartha dramhaíola atá formheasta go hoifigiúil nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann go n-éalóidh an lotnaid shonraithe isteach sa chomhshaol lena n-áirítear trí úscaíl ar thalamh talmhaíochta;

   (b) loscadh;

   (c) bearta eile, ar an gcoinníoll go bhfuil sé suite nach bhfuil aon riosca inaitheanta ann maidir le leathadh na lotnaide sonraithe; tabharfar fógra i leith na mbeart sin don Choimisiún agus do na Ballstáit eile.

   Chun críocha phointe (a), seolfar an dramhaíl go díreach chuig an láithreán faoi choinníollacha coimeádta sa chaoi nach mbeidh aon riosca ann go gcaillfí an dramhaíl.

2. Roimh an diúscairt, beidh dramhaíl leachtach ina bhfuil solaid ar crochadh faoi réir próisis scagacháin nó síothlaithe chun solaid den sórt sin a bhaint, solaid a dhiúscrófar i gcomhréir le pointe 1.

   Maidir leis an dramhaíl leachtach ina dhiaidh sin:

   (a) déanfar a toirt iomlán a théamh go 60 °C ar feadh 30 nóiméad ar a laghad sula ndiúscrófar é; nó

   (b) déanfar í a dhiúscairt ar shlí eile faoi réir formheas oifigiúil agus faoi rialú oifigiúil sa chaoi nach mbeidh aon riosca inaitheanta ann go bhféadfadh an dramhaíl teacht i dteagmháil le talamh talmhaíochta ná le talamh talmhaíochta.